Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar an gcianobair san earnáil phoiblí. Meastar go laghdóidh an fhéidearthacht oibriú ón mbaile nó trí mhoil réigiúnacha turais go dtí an obair agus ón obair agus, dá bhrí sin, brú tráchta.

Ar an gcéad dul síos, is éard a bheidh san athchóiriú sin 15 shaoráid oifige a bhunú lena gcumasófar cianobair d'oifigh seirbhíse poiblí ar fud Oileáin Mhálta. Táthar ag súil go mbeidh spásanna oifige den sórt sin oibríochtúil le haghaidh cianoibre agus freastalóidh siad ar 140 stáisiún oibre ar a laghad san iomlán ar fud na 15 shaoráid oifige.

Ar an dara dul síos, is éard a bheidh san athchóiriú sin an Beartas Oibre Cianda d'Fhostaithe Rialtais a fhoilsiú. Leagfar amach sa bheartas na critéir incháilitheachta, na coinníollacha, na ceanglais maidir le formheas agus na treoirlínte iarratais lena rialaítear an tionscnamh seo lena gcuirtear cothromaíocht oibre is saoil chun cinn agus lena rannchuidítear leis an inbhuanaitheacht.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Márta 2022.

Athchóiriú C2-R6: Bainistiú soghluaisteachta feabhsaithe sa tseirbhís phoiblí

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar bhainistiú soghluaisteachta i seirbhís phoiblí Mhálta, rud a fhágfaidh go mbeidh seirbhís soghluaisteachta poiblí níos éifeachtúla agus níos glaise ann.

Is éard a bheidh i gceist leis an gcéad ghníomhaíocht den athchóiriú seo staidéar chun measúnú a dhéanamh ar bhonneagar iompair na seirbhíse poiblí atá i bhfeidhm faoi láthair ar fud Sheirbhís Phoiblí Mhálta. Déanfar scrúdú sa staidéar ar an staid reatha agus bunófar bonnlíne na soghluaisteachta comhroinnte atá ann cheana sa tseirbhís phoiblí. Déanfaidh sé moltaí chun an próiseas comhroinnte gluaisteán a athstruchtúrú as a dtiocfaidh éifeachtúlacht níos airde agus, i dtéarmaí lín agus cineáil, flít níos glaine d'fheithiclí úsáide ginearálta rialtais a shainaitheint. Déanfaidh conraitheoir neamhspleách an staidéar tar éis nós imeachta soláthair phoiblí.

Is éard a bheidh sa dara gníomhaíocht den athchóiriú seo bearta chun soghluaisteacht chomhroinnte sa tseirbhís phoiblí a mhéadú, mar shampla sásraí comhroinnte marcaíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn. Is é an cuspóir atá ann méadú 10 % a dhéanamh ar an tsoghluaisteacht chomhroinnte sa tseirbhís phoiblí ón mbonnlíne a cinneadh sa staidéar neamhspleách ar bhainistiú soghluaisteachta

feabhsaithe i seirbhís phoiblí Mhálta. Déantar soghluaisteacht chomhroinnte a thomhas i dtéarmaí turais chomhordaithe idir dhá Roinn Rialtais ar a laghad.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2025.

Infheistíocht C2-I2: Feabhas a chur ar ghlacadh feithiclí leictreacha san earnáil phríobháideach

Is é cuspóir na hinfheistíochta sin aistriú níos leithne i dtreo soghluaisteacht leictreach a thionscnamh agus astaíochtaí a thagann ón earnáil iompair de bhóthar i Málta a laghdú trí ghlacadh feithiclí leictreacha a chur chun cinn san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear san earnáil tráchtála.

Is éard a bheidh sna hinfheistíochtaí scéim deontais chun feithiclí leictreacha a cheannach trí 5,600 deontas a sholáthar. Tacóidh an scéim le ceannach feithiclí nua a iompraíonn paisinéirí, cúram paisinéirí agus earraí, mionbhusanna/cóistí, cuadrothair/gluaisrothair agus cosa.

Dearfar struchtúr na scéime deontais chun sciar na bhfeithiclí leictreacha i measc fhlít iomlán na bhfeithiclí a mhéadú. Cuirfear na tosca seo a leanas san áireamh sa scéim:

- Praghsanna margaidh reatha feithiclí éadroma leictreacha, nua agus úsáidte;
- Difreálach praghsanna idir feithiclí éadroma leictreacha athláimhe agus feithiclí éadroma leictreacha nua;
- Difreálach praghsanna idir samhlacha feithicle inchomparáide feithiclí éadroma leictreacha agus feithiclí innill dócháin inmheánaigh;
- Soláthar margaidh/infhaighteacht samhla feithiclí éadroma leictreacha nua atá ar fáil mar Thiomáint de Bhóthar;
- Éileamh an mhargaidh mar a léirítear le glacadh bliantúil na ndeontas a cuireadh ar fáil ó bhí 2016 ann.

Agus an scéim á dearadh agus á cur chun feidhme, tabharfar aird ar leith ar ghlacadh feithiclí leictreacha in Gozo a mhéadú, i gcomhréir leis an gcuspoir dlús a chur le haistriú Gozo i dtreo na haeráidneodrachta.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh. Go háirithe, ní thabharfar tacaíocht airgeadais ach d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht C2-I3: An flít seirbhíse poiblí a dhícharbónú

Is é cuspóir na hinfheistíochta sin an earnáil iompair i Málta a dhícharbónú trí ghlacadh feithiclí leictreacha sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht feithiclí leictreacha a cheannach chun feithiclí innill dócháin inmheánaigh a ionadú agus chun líon na bhfeithiclí leictreacha sa fhlít seirbhíse poiblí a úsáideann ranna Rialtais a mhéadú ó 12 go 262. Mar thoradh ar an infheistíocht, beidh flít feithiclí seirbhíse poiblí níos glaine ar an ngréasán bóithre, rud a laghdóidh astaíochtaí.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh. Go háirithe, ní thabharfar tacaíocht airgeadais ach d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 30 Meán Fómhair 2025.

Infheistíocht C2-I4: Cuid d'athsholáthar an fhlít iompair phoiblí

Is é cuspóir na hinfeistíochta sin cuid d'earnáil an iompair phoiblí de bhóthar i Málta a dhícharbónú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht 102 bhus leictreacha (12 m) a cheannach le haghaidh an fhlít iompair phoiblí de bhóthar. Cumhdófar leis an maoiniú an difríocht sa phraghas ceannaigh idir busanna innill dócháin inmheánaigh (12 m) agus busanna leictreacha (12 m). Tiocfaidh na busanna astaíochtaí nialasacha sin in ionad busanna díosail sa stoc iompair phoiblí atá ann faoi láthair (busanna Euro 5. Comhlánaítear an infheistíocht sin le soláthar iompair phoiblí saor in aisce do dhaoine i gcóir aise éagsúla chun úsáid an iompair chomhchoitinn a fheabhsú a thuilleadh (athchóiriú C2.R2).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh. Go háirithe, ní thabharfar tacaíocht airgeadais ach do bhusanna astaíochtaí nialasacha.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2025.

B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
2.1	C2.R.1	Garsprioc	Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh	Comhlánú an tSuirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh				R4	2021	Tá an Suirbhé Náisiúnta ar Thaisteal Teaghlaigh curtha i gcrích. Beidh sé d'aidhm ag an suirbhé seo na patrúin taistil atá ann faoi láthair agus iompraíocht an phobail a chainníochtú agus tuairim an phobail maidir le bearta féideartha nua atá le cur san áireamh sa Mháistirphlean Iompair Nuashonraithe a thomhas. Tagraíonn cur i gcrích an tsuirbhé don nóiméad a rinneadh an bailiú sonraí agus an anailís don suirbhé agus a sainaithníodh torthaí i dtuarascáil scríofa.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
2.2	C2.R.1	Garsprioc	Feachtas Múscailt Feasachta maidir le hiompar inbhuanaithe saor ó charbón agus ísealcharbóin a thabhairt chun críche	An feachtas feasachta a chur i gcrích				R4	2025	Tá an feachtas múscailte feasachta don phobal i gcoitinne curtha i gcrích. Beidh an feachtas ina thionscnamh náisiúnta a dhíríonn ar gach earnáil den tsochaí. Úsáidfear meáin éagsúla lena n-áirítear na meáin chlóite, na meáin teilifíse agus na meáin shóisialta. Is é is aidhm don fheachtas athrú iompraíochta in úsáid modhanna iompair a chur chun cinn. Cuirfidh an Feachtas modhanna iompair níos glaise chun cinn chun ilmhódúlacht le haghaidh taisteal riachtanach a chur chun cinn, mar aon le córas soghluaisteachta níos inbhuanaithe ar fud na n-oileán.
2.3	C2.R.2	Garsprioc	Rochtain ar iompar poiblí sceidealta de bhóthar saor ó tháillí do gach sealbhóir Chárta Tallinja pearsantaithe	Aguisín a ghabhann leis an gcomhaontú lamháltais arna shíniú				R4	2023	Síniú an aguisín a ghabhann leis an gcomhaontú lamháltais idir Údarás Mhálta um Iompar agus an t-oibreoir a sholáthraíonn seirbhísí iompair poiblí, lena gceadaítear rochtain ar iompar poiblí sceidealta saor ó tháillí do gach sealbhóir Chárta Tallinja pearsantaithe.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
2.4	C2.R.3	Garsprioc	Foilsíú an Phlean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe do Réigiún Vaileite	Foilsíú ar líne an Phlean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe do Réigiún Vaileite				R4	2022	Foilsíú ar líne an Phlean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe do Réigiún Vaileite, ina leagtar amach idirghabhálacha incháilithe atá le cur chun feidhme tríd an bPlean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe. Is iad seo a leanas na cineálacha idirghabhála incháilithe: scéimeanna páirceála forimeallacha lena spreagtar modhanna iompair níos inbhuanaithe, lena n-áirítear rothaíocht agus siúl i gcoirlár na cathrach; moil áitiúla iompair, bonneagar rothaíochta, comhroinnt carranna i measc roinnt daoine agus seirbhísí iompair ar éileamh a logánú agus a chur chun feidhme; feithiclí leictreacha agus bonneagair luchtaithe a chur in úsáid agus a úsáid i gceantair uirbeacha dhlúthdhaonra agus i lóistíocht uirbeach, amhail trí réitigh an mhíle dheireanaigh a chur chun feidhme, lena n-áirítear chun críoch tráchtála agus trí thacú le réitigh soghluaisteachta mhalartacha.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
2.5	C2.R.3	Cuspóir sonrach	Aonaid Riaracháin Áitiúla laistigh de Réigiún Vaileite le réitigh soghluaisteachta uirbí fheabhsaithe faoin bPlean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe		Líon	0	9	R2	2025	I naoi n-aonad riaracháin áitiúla ar a laghad laistigh de Réigiún Vaileite, tá cineál idirghabhála incháilithe amháin ar a laghad ón bPlean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe do Réigiún Vaileite curtha chun feidhme go hiomlán.
2.6	C2.R.4	Garsprioc	Comhaontú le Comhlachas na gComhairlí Áitiúla maidir le Limistéir Athghiniúna i Limistéir Uirbeacha	Comhaontú sínithe le haghaidh limistéir athghiniúna i limistéir uirbeacha				R2	2021	Comhaontú a shíniú idir Comhlachas na gComhairlí Iompair Málta agus na gComhairlí Áitiúla chun limistéir athghiniúna i limistéir uirbeacha a roghnú. Limistéar athghiniúna is ea limistéar ina gcuireann Comhairlí Áitiúla siúl, rothaíocht agus iompar poiblí chun cinn, i gcomhthráth le feachtais oideachais eile chun taisteal neamhriachtanach a sheachaint, rud a mheastar a mbeidh spás poiblí oscailte breise saor in aisce agus neamhualaithe mar thoradh air. Beidh roghnú na limistéar athghiniúna comhsheasmhach leis na bearta a leagtar amach i Máistirphlean Iompair Mhálta.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
2.7	C2.R.4	Cuspóir sonrach	Limistéir athghiniúna a cruthaíodh i gceantair uirbeacha le haghaidh spásanna oscailte agus saor ó ghluaisteáin		Líon	0	3	R2	2025	Trí limistéir athghiniúna i limistéir uirbeacha a thabhairt chun críche.
2.8	C2.R.5	Garsprioc	Foilsíú an Bheartais Oibre Chianda d'Fhostaithe Rialtais	Foilsíú an Doiciméid um Beartas Oibre Chianda d'Fhostaithe Rialtais				R1	2022	Foilsíú Beartais Oibre Chianda d'fhostaithe Rialtais. Leagfar amach sa bheartas na critéir incháilitheachta, na coinníollacha, na ceanglais maidir le formheas agus na treoirlínte iarratais lena rialaítear an tionscnamh seo lena gcuirtear cothromaíocht oibre is saoil chun cinn agus lena rannchuidítear leis an inbhuanaitheacht.
2.9	C2.R.5	Cuspóir sonrach	15 shaoráid oifige lenar féidir cianobair a dhéanamh d'oifigigh seirbhíse poiblí ar fud Oileáin Mhálta		Líon	0	15	R4	2021	Líon na n-oifigí i gceantair éagsúla atá ag feidhmiú le saoráidí lena gcumasaítear cianobair ag lucht saothair seirbhíse poiblí ar fud na nAireachtaí uile. Freastalóidh spásanna oifige den sórt sin ar 140 stáisiún oibre ar a laghad san iomlán ar fud na 15 shaoráid oifige.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
2.10	C2.R.6	Garsprioc	Staidéar ar bhainistiú soghluaisteachta feabhsaithe i seirbhís phoiblí Mhálta a chur i gcrích	Staidéar ina bhfuil moltaí curtha i gcrích				R1	2023	Staidéar ar an athrú ar bhainistiúcht soghluaisteachta a chur i gcrích i Seirbhís Phoiblí Mhálta. Déanfar scrúdú sa staidéar ar an staid reatha agus bunófar bunlíne don tsoghluaisteacht chomhroinnte atá ann cheana (is é sin, turais chomhordaithe idir dhá Roinn Rialtais ar a laghad) sa tseirbhís phoiblí; moltaí a dhéanamh chun an próiseas a athstruchtúrú as a dtiocfaidh éifeachtúlacht níos airde; agus líon agus cineál flít níos glaine d'fheithiclí úsáide ginearálta rialtais a shainaithint. Déanfaidh conraitheoir neamhspleách an staidéar tar éis nós imeachta soláthair phoiblí. Roinnfear an staidéar leis an gCoimisiún Eorpach.
2.11	C2.R.6	Cuspóir sonrach	Méadú ar shoghluaisteacht chomhroinnte sa tseirbhís phoiblí		% (céatadán)	0	10	R2	2025	Leis an sprioc sin tomhaistear an feabhas ar shoghluaisteacht chomhroinnte (turais chomhordaithe idir dhá Roinn Rialtais ar a laghad) sa tseirbhís phoiblí ón mbonnlíne a cinneadh sa staidéar neamhspleách ar bhainistiú soghluaisteachta feabhsaithe i seirbhís phoiblí Mhálta.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
2.15	C2.I.2	Garsprioc	Glao oscailte ar iarratais ar fheithiclí leictreacha agus rothair san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear scéim scríobtha	Seoladh glao oscailte ar iarratais le haghaidh feithiclí leictreacha agus rothair san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear scéim scríobtha				R1	2022	Seoladh glao oscailte ar iarratais ar thacaíocht chun feithiclí leictreacha nua agus rothair a cheannach san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear scéimeanna traipisithe do theaghlaigh agus do ghnóthais tráchtála. Áireofar sna glaonna tacaíocht chun feithiclí nua paisinéirí, cúram paisinéirí, feithiclí a iompraíonn earraí, mionbhusanna/cóistí, cuadrothair/gluaisrothair agus peidilic a cheannach.
2.16	C2.I.2	Cuspóir sonrach	Líon na ndeontas a dámhadh d'fheithiclí leictreacha faoin scéim don earnáil phríobháideach		Líon	0	1 000	R2	2023	Leis an sprioc sin tomhaistear líon na ndeontas a bhronntar faoin Scéim um Fheithiclí Leictreacha san earnáil phríobháideach.
2.17	C2.I.2	Cuspóir sonrach	Líon na ndeontas a dámhadh d'fheithiclí leictreacha faoin scéim don earnáil phríobháideach		Líon	1 000	5 600	R4	2024	Leis an sprioc sin tomhaistear líon na ndeontas a bhronntar faoin Scéim um Fheithiclí Leictreacha san earnáil phríobháideach.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
2.18	C2.I.3	Garsprioc	Seirbhísí ar conradh le haghaidh soláthar feithiclí leictreacha le haghaidh an fhlít seirbhíse poiblí	Conarthaí sínithe				R3	2023	Conarthaí sínithe chun feithiclí leictreacha a sholáthar don tseirbhís poiblí.
2.19	C2.I.3	Cuspóir sonrach	An líon feithiclí leictreacha i bhflít feithiclí úsáide ginearálta (GUV) an Rialtais		Líon	12	262	R3	2025	Feithiclí lánleictreacha (astaíochtaí nialasacha) a chur in ionad feithiclí innill dócháin inmheánaigh laistigh d'fhlít GUV an Rialtais chun 262 feithicil lánleictreacha (astaíochtaí nialasacha) a bhaint amach.
2.20	C2.I.4	Garsprioc	Meabhrán Tuisceana maidir le cuid nua a chur in ionad fhlít iompair poiblí Mhálta	Meabhrán Tuisceana sínithe				R2	2022	Meabhrán Tuisceana sínithe idir an Aireacht atá freagrach as lompas agus lompas Poiblí Mhálta, lena comhaontaíodh 102 bhus lánleictreacha a cheannach chun cuid den fhlít iompair poiblí a athsholáthar.
2.21	C2.I.4	Cuspóir sonrach	Busanna leictreacha astaíochtaí nialasacha oibríochtúla a rolladh amach chun cuid den fhlít iompair poiblí a athsholáthar		Líon	0	102	R2	2025	Leis an sprioc tomhaistear líon na mbusanna lánleictreacha atá i seirbhís ghníomhach ag lompas Poiblí Mhálta.

C. COMHPHÁIRT 3: DIGITEÁIL

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta, tugtar aghaidh ar na dúshlán a bhaineann leis an digitiú a mhéadú a thuilleadh ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha, go háirithe maidir le feabhas a chur ar athléimneacht, acmhainneacht agus slándáil chnámh droma digiteach an rialtais, rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach, raon agus cáilíocht ríomhsheirbhísí rialtais, glacadh na seirbhísí sin ag saoránaigh agus gnólachtaí, agus digitiú na hearnála príobháidí. Cuidíonn an chomhpháirt freisin le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le feidhmíocht Mhálta sa taighde agus sa nuálaíocht (T & N) a fheabhsú, áit a rangáítear Málta mar ‘nuálaí measartha’, de réir Scórchlár Eorpach Nuálaíochta 2021.¹

Is é cuspóir na comhpháirte dlús a chur leis an aistriú digiteach, go háirithe tríd an gcreat beartais náisiúnta a neartú, trí infheistíocht a dhéanamh i ndigitiú breise an riaracháin phoiblí agus na seirbhísí poiblí (chun a raon, a gcáilíocht agus a nglacadh a mhéadú), chomh maith le tacú le digitiú FBManna. Tá sé d’aidhm ag an gcomhpháirt freisin feidhmíocht T & N Mhálta a fheabhsú.

Baineann an chéad athchóiriú sa chomhpháirt seo le tionscnaimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir leis na trí phríomhghné seo a leanas de Straitéis Dhigiteach Mhálta 2022-2027: an bhearna dhigiteach a laghdú, scileanna digiteacha a chur chun cinn, agus seirbhísí poiblí digiteacha a fheabhsú. Tacófar le cur chun feidhme na straitéisí chun scileanna digiteacha a fhorbairt trí úsáid a bhaint as clár chistiúcháin eile de chuid an Aontais, amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus. Baineann an dara hathchóiriú le cur chun feidhme straitéis Mhálta um speisialtóireacht chliste, agus béim ar leith á leagan ar T & N gnó a chothú agus ar chomhar poiblí-príobháideach a neartú. Tá na hinfeistíochtaí dírithe ar chnámh droma digiteach agus réitigh dhigiteacha an rialtais a neartú, Stiúrthóireacht na Loingseoireachta Ceannaíochta a dhigitiú, an riarachán poiblí a dhigitiú a thuilleadh agus bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm chun an earnáil phríobháideach a dhigitiú (eadhon FBManna).

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha a bhaineann leis an aistriú digiteach (moladh tírshonrach 3 2020 agus 1 2022) agus le taighde agus nuálaíocht (moltaí tírshonracha 3 2019 agus 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú C3-R1: An claochlú digiteach a dhoimhniú trí athchóiriú beartais, agus béim á leagan ar an deighilt dhigiteach a laghdú agus scileanna digiteacha a chur chun cinn

Is é is cuspóir don athchóiriú straitéisí agus tionscnaimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena ndíreofar ar an deighilt dhigiteach a laghdú, scileanna digiteacha a chur chun cinn, comhtháthú socheacnamaíoch a neartú agus seirbhísí poiblí digiteacha a fheabhsú.

Áireofar san athchóiriú cur chun feidhme na mbearta a leagtar amach i Straitéis Dhigiteach Mhálta 2022-2027. Go háirithe, is éard a bheidh i gceist leis an athchóiriú clár a sheoladh chun tacú le

¹ An Coimisiún Eorpach, ‘Scórchlár Eorpach Nuálaíochta 2021’, 21 Meitheamh 2021.

teaghlaigh ar ioncam íseal rochtain a bheith acu ar ríomhairí chomh maith le bheith incháilithe do rochtain ar an idirlíon agus d'oiliúint agus do threoir maidir le húsáid an ríomhaire ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'. Chomh maith leis sin, leis an athchóiriú, déanfar acmhainneacht acmhainní daonna a neartú agus a chur chun cinn trí scéim scoláireachta a sheoladh chun mic léinn a spreagadh le bheith ina ngairmithe sa réimse digiteach, lena n-áirítear i dteicneolaíochtaí nuálacha amhail an intleacht shaorga.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú C3-R2: Straitéis Mhálta um speisialtóireacht chliste a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme, agus béim ar leith á leagan ar T & N gnó a chothú agus ar chomhar poiblí-príobháideach a neartú

Is é is cuspóir don athchóiriú creat beartais nua don speisialtóireacht chliste a bhunú agus a chur chun feidhme, agus béim á leagan ar T & N gnó a chothú agus comhar poiblí-príobháideach a neartú.

Áireofar leis an athchóiriú glacadh straitéis Mhálta um speisialtóireacht chliste 2021-2027, a n-áireofar ar a príomhthionscnaimh comhar idirghníomhaireachta a chur chun cinn chun tacú le fiontair agus comhordú idirghníomhaireachta chun feasacht a mhúscailt maidir le scéimeanna cistiúcháin T & N, chomh maith le simpliú na nósanna imeachta a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar chistiú agus treoir a sholáthar do thairbhíthe féideartha ar bhealach níos spriocdhírithé agus níos éifeachtaí. Spreagfaidh an t-athchóiriú freisin comhar poiblí-príobháideach chun réitigh atá réidh don mhargadh a dhéanamh de thorthaí taighde. Comhlánóidh an t-athchóiriú sin na hiarrachtaí in T & N arna ndéanamh trí chistí bheartas comhtháthaithe an Aontais.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht C3-I1: Athléimneacht, slándáil agus éifeachtúlacht chnámh droma digiteach an rialtais a neartú agus infheistíocht a dhéanamh i réitigh, gléasanna agus uirlisí digiteacha iomchuí

Is é cuspóir na hinfeistíochta athléimneacht agus slándáil chnámh droma digiteach an rialtais a fheabhsú agus aonchineálacht, caighdeánú agus comhroinnt seirbhísí ar fud an rialtais a mhéadú. Tá sé d'aidhm ag an gcnámh droma digiteach feidhmiú freisin mar bhonn cothrománach idir-inoibritheach chun cur chun feidhme, mar shampla, phrionsabal na haonuaire agus comhroinnt sonraí a chumasú. Chomh maith leis an tionchar dearfach ar sheirbhísí poiblí digiteacha, is é is aidhm don infheistíocht feabhas a chur ar an gcomhéadan le gnólachtaí, mar shampla, trí cheadúnais a éascú.

Is éard a bheidh san infheistíocht réitigh agus comhpháirteanna digiteacha éagsúla a sholáthar laistigh den chnámh droma digiteach chun slándáil, athléimneacht agus acmhainneacht fhoriomlán an chnámh droma a fheabhsú a thuilleadh (mar shampla, trí acmhainneacht agus athléimneacht lárionad sonraí a fheabhsú, uirlisí a chur chun feidhme le haghaidh faireachán ar shlándáil néalríomhaireachta, aicmiú sonraí, bainistiú cuntas faoi phribhléid, Lárionad Oibríochtaí Slándála a chur chun feidhme agus infheistíocht a dhéanamh in uirlisí agus i mbonneagar eile le haghaidh na cibearshlándála). Comhlánófar an infheistíocht sna huirlisí le hoiliúint dhigiteach a chuirfear ar fáil d'oifigigh phoiblí agus le feachtais feasachta, go háirithe maidir leis an gcibearshlándáil.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht C3-I2: Stiúrtóireacht na Loingseoireachta Ceannaíochta laistigh d'Iompar Málta a dhigitiú

Is é is aidhm don infheistíocht earnáil na loingseoireachta trádála a dhigitiú a thuilleadh, rud atá ríthábhachtach do Mhálta. Leis an infheistíocht i seirbhísí digiteacha agus i mbonneagar néalbhunaithe, cuideofar le cleachtais rialála níos éifeachtúla a áirithiú agus feabhas a chur ar na hoibríochtaí inmheánacha, ar an gcaidreamh le custaiméirí agus ar an riarachán laistigh de Stiúrtóireacht Loingseoireachta Cheannaíochta Mhálta.

Is éard a bheidh san infheistíocht forbairt na n-uirlisí agus na gcóras TF seo a leanas: an córas bainistithe doiciméad, lena n-áirítear digitiú comhad fisiciúil, córas bainistithe soithí, comhéadan muirí digiteach (comhéadan úsáideora poiblí agus comhéadan úsáideora príobháideach araon), córas bainistíochta maraithé, uirlis anailísíochta muirí agus modúl billeála. Ina theannta sin, déanfar pearsanra a uas-sciliú agus a athsciliú chun na córais agus na huirlisí TF forbartha a úsáid. Cuirfidh an infheistíocht ar chumas cliant deiridh iarratas a dhéanamh go díreach tríd an gcóras. Thairis sin, áireofar leis an infheistíocht digitiú comhad loinge. Cuirfidh an infheistíocht sin leis an obair theicniúil a rinneadh roimhe sin faoi Chlár Tacaíochta an Aontais um Athchóiriú Struchtúrach agus faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht C3-I3: Digitiú breise agus nuachóiriú breise ar an riarachán poiblí

Is é cuspóir na hinfeistíochta go gcuirfidh an riarachán poiblí taithí níos fearr ar fáil do chustaiméirí do shaoránaigh agus d'eagraíochtaí gnó, glacadh seirbhísí ar líne a mhéadú agus, ar deireadh, iomaíochas gheilleagar Mhálta a fheabhsú. Tá sé d'aidhm ag an infheistíocht sin freisin modhanna oibre nua-aimseartha agus cianda a fhorbairt d'oifigigh phoiblí, rud a mheastar a chuirfidh ar chumas an riaracháin phoiblí a bheith ina fhostóir eiseamláireach, agus foráil á déanamh ag an am céanna maidir le leanúnachas gnó, comhionannas inscne a chur chun cinn (mar shampla, trí sholúbthacht a mhéadú) agus aire a thabhairt don chomhshaol, soláthar a dhéanamh do leanúnachas gnó, comhionannas inscne a chur chun cinn (mar shampla, trí sholúbthacht a mhéadú) agus aire a thabhairt don chomhshaol.

Is éard a bheidh san infheistíocht roinnt beart arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar eispéireas custaiméirí le seirbhísí ar líne:

- seirbhísí poiblí agus seirbhísí laistigh d'aghaidh a athchóiriú chun a bpróiseas seachadta a fheabhsú, go háirithe trí shreafaí oibre a dhéanamh díobh, deiseanna uathoibrithe a uasmhéadú agus comhtháthú le córais chúil. Beidh cliaint rannpháirteach sa phróiseas athchóirithe freisin chun aghaidh a thabhairt ar a bpríomhriachtanais agus ar a bpríomhdhúshláin.
- feabhas a chur ar eispéireas tosaigh an chustaiméara sna moil fhisiceacha (mar shampla, trí na huirlisí digiteacha is gá a chur ar fáil do na hoifigigh um chúram custaiméirí agus tríd an gcóras scuaine a bhainistítear go lárnach a chur chun feidhme) agus ar líne (mar shampla, trí úsáid a bhaint as réitigh intleachta saorga chun próisis a éascú trí uirlisí anailise dearthóireachta téacs go hóráid/óráid go téacs agus innill próiseála teanga nádúrtha).
- ardán a chruthú, lena nasctar na páirtithe leasmhara uile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas aistrithe maoine (amhail bainc, nótaireí, clár talún, clárlann phoiblí, agus fónais) agus atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte, chun an próiseas chun úinéireacht maoine a aistriú a éascú.

- bonnchláir agus cláir riaracháin a bhunú chun críoch comhroinnte agus athúsáide sonraí i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1024 maidir le Sonraí Oscailte, chun rannchuidiú le simpliú na bpróiseas riaracháin agus le baint amach phrionsabal na haonuaire; agus
- an tIonad Ilfhreastail Náisiúnta maidir le Custam a thabhairt isteach chun rannchuidiú le próiseas imreítigh earraí a dhigitiú agus a uathoibriú go hiomlán.

Fónfaidh an infheistíocht freisin chun réitigh chianoibre a fhorbairt tuilleadh d'oifigigh phoiblí, lena n-áirítear tríd an Ionad Oibre Digiteach Nua-aimseartha a neartú, ardán cianoibre atá á chur chun feidhme i Málta ó 2019 i leith. Beidh an chuid sin den infheistíocht comhdhéanta de sholáthar na gcrua-earraí agus na mbogearraí is gá chun cianobair a chumasú d'oifigigh phoiblí.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht C3-I4: Bearta a chur i bhfeidhm chun digiteáil na hearnála príobháidí a threisiú

Is é is aidhm don infheistíocht tacú le cuideachtaí ina n-iarrachtaí digitithe trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i ndeiseanna cistiúcháin. Tacóidh an infheistíocht le fiontair cumais dhigiteacha nua a fháil agus digitiú a dhéanamh ar phróisis oibríochtúla amhail dearadh táirgí agus próisis, soláthar ó cheann go ceann, slabhra/dáileadh soláthair agus iardhíolacháin.

Is éard a bheidh san infheistíocht scéimeanna deontais do ghnólachtaí chun infheistíocht a dhéanamh sa digitiú (lena n-áirítear cruu-earraí, bogearraí agus réitigh dhigiteacha) chun a n-oibríochtaí a fheabhsú agus deiseanna nua gnó a fhiosrú. Tacóidh na scéimeanna deontais go príomha le FBManna (lena n-áirítear micrifhiontair agus daoine féinfhostaithe), rud a áiritheoidh comhlántachtaí leis an tacaíocht a sholáthraítear faoi chláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais.

Cuirfear tacaíocht ar fáil do chuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha eacnamaíocha éagsúla, lena n-áirítear mórdhíol agus miondhíol, turasóireacht (lena n-áirítear cultúr) agus monaraíocht. Cumhdófar freisin le raon feidhme nansoitheach a dtacaítear leo in earnálacha éagsúla bainistiú saolré táirgí, anailís saolré, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, cibearshlándaíl agus cosaint sonraí, córais chibearfhisiciúla, réaltacht bhreisthe, intleacht shaorga, monaraíocht chiorclach, réitigh uathrialacha, mórshonraí agus bainistiú sonraí, agus córais tacaíochta cinnteoireachta.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iarteachtach²; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha³; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún,

² Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

³ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

loisceoirí dramhaíola⁴ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla⁵; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaoil. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfadh ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2026.

⁴ Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscithe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

⁵ Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
3.1	C3.R.1	Garsprioc	Scéim scoláireachta a sheoladh do mhic léinn le bheith ina ngairmithe TFC	An scéim a fhoilsiú ar líne				R1	2022	I gcomhréir le Straitéis Dhigiteach Mhálta 2022-2027, scéim scoláireachta a oscailt chun mic léinn a spreagadh chun gairm bheatha a shaothrú i réimsí nideoige TFC amhail an intleacht shaorga.
3.2	C3.R.1	Cuspóir sonrach	Daoine aonair a fhaigheann tacaíocht chun an deighilt dhigiteach a mhaolú		Líon	0	1 000	R4	2023	Seolfar scéim phiólótach in 2021 chun anailís a dhéanamh ar thionchar an naisc idirlín baile agus na rochtana ar ríomhaire ar theaghlaigh ar ioncam íseal i ndáil le litearthacht dhigiteach, nascacht, comhtháthú na teicneolaíochta digití agus scileanna ríomhaireachta. Díreofar an scéim phiólótach ar iarratasóirí a bhfuil ioncam íseal agus acmhainní teoranta acu. Cuirfear ríomhaire ar fáil do thairbhíthe. Ina theannta sin, cuirfear tairbhíthe ar an eolas faoina n-incháilitheacht maidir le rochtain ar an idirlíon, chomh maith leis an bhféidearthacht iarratas a dhéanamh ar oiliúint agus ar threoir maidir le húsáid an ríomhaire ar bhonn ‘tús freastail ar an gceann is túisce’.
3.3	C3.R.2	Garsprioc	Glacadh Straitéis Mhálta um Speisialtóireacht Chliste	Foilsíú na straitéise ar líne				R4	2021	Straitéis náisiúnta um speisialtóireacht chliste a fhoilsiú. Díreofar sa straitéis ar roinnt príomhthionscnamh lena n-áirítear: — infheistíocht i mbonneagar taighde; — tacú leis an idirnáisiúnú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht i bhFís Eorpach; — comhar idirghníomhaireachta a chur chun cinn chun tacú le fiontair; agus — dreasachtaí do pháirtithe leasmhara tionscail chun nuáil a dhéanamh.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliainn	
3.4	C3.R.2	Cuspóir sonrach	Cuntas idirghníomhaireachta a bhainistiú idir Fiontair Mhálta agus Comhairle Eolaíochta agus Teicneolaíochta Mhálta		Líon	0	50	R4	2024	Líon na ngnóthas a fhaigheann tacaíocht tríd an gcuntas idirghníomhaireachta a bhainistiú idir Málta agus Comhairle Eolaíochta agus Teicneolaíochta Mhálta (MCST). Cuirfear faisnéis, treoirlíne agus tacaíocht ar fáil d'fhiontair maidir le gníomhaíochtaí T & F chomh maith le hidirnáisiúnaí a fhiosrú trí rannpháirtíocht i gclár Eorpacha, i measc nithe eile.
3.5	C3.I.1	Cuspóir sonrach	Am méadaithe an Chúltaca Dhigitigh		% (céatadán)	99.7	99.8	R4	2023	An céatadán d'aga méadaithe (am iomlán na seirbhíse sin, arna roinnt ar líon iomlán na n-uaireanta an chloig le linn na tréimhse sin, gan aga neamhfhónaimh sceidealaithe san áireamh) na cnámh droma digití (Líonra Rialtais dá ngairtear MAGNET agus Lárionaid Sonraí Corparáideacha MITA) arna thomhas ag Gníomhaireacht Teicneolaíochta Faisnéise Mhálta (MITA).
3.6	C3.I.1	Garsprioc	Leibhéal feabhsaithe i gcreat cibearshlándála NIST	Leibhéal NIST arna mheasúnú mar leibhéal 4 i dtuarascáil inmheánach arna bailíochtú ag comhlacht seachtrach				R4	2025	Measúnú inmheánach lena ndeimhnítear go mbaineann bonneagar MITA leibhéal foriomlán 4 amach in NIST. Beidh an tuarascáil dian agus mionsonraithe, ina léireofar go soiléir conas a bhaintear an leibhéal amach maidir le gach beart a fhorordaítear leis an gcreat. Déanfaidh comhlacht seachtrach an tuarascáil a bhailíochtú.
3.7	C3.I.2	Cuspóir sonrach	Comhaid Long a Dhigitiú		Líon	0	15 000	R4	2024	Na comhaid fhisiceacha a thiontú ina gcomhaid dhigiteacha agus iad a chur ar fáil go leictreonach ar an gCóras Faisnéise Bainistíochta. 15000 comhad ar a laghad scanta agus curtha ar fáil le haghaidh cuardach digiteach agus úsáid dhigiteach.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
3.8	C3.1.2	Garsprioc	Na huirlisí agus na córais TF forbartha a sheoladh agus a bheith ar fáil d'úsáideoirí	Déantar na huirlisí agus na córais TF forbartha a sheoladh agus a chur ar fáil lena n-úsáid				R4	2025	Tá forbairt na n-uirlisí agus na gcórais TF seo a leanas curtha i gcrích; seoltar iad agus cuirtear ar fáil go hiomlán iad lena n-úsáid ag úsáideoirí laistigh de Stiúrtóireacht na Loingseoireachta Ceannaíochta agus, i gcás inarb iomchuí, lasmuigh di: • Córas Bainistíochta Doiciméad, lena n-áirítear digitíú comhad fisiciúil • Córas bainistíochta soithí • Comhéadan Muirí Digiteach (comhéadan úsáideora poiblí agus comhéadan úsáideora príobháideach san áireamh) • Córas bainistíochta maraithe • Anailísíocht Mhuirí • Modúl billeála. Ba cheart é sin a fhianú le tuarascáil sa Chóras Faisnéise Bainistíochta.
3.9	C3.1.2	Cuspóir sonrach	Oiliúint Theicniúil a sheachadadh chuig pearsanra		Líon	0	135	R4	2025	Líon na mball foirne (gníomhairí athraithe agus pearsanra oibríochtúil) ar cuireadh oiliúint orthu in úsáid na n-uirlisí agus na gcórais TF forbartha, eadhon: • Córas Bainistíochta Doiciméad, lena n-áirítear digitíú comhad fisiciúil • Córas bainistíochta soithí • Comhéadan Muirí Digiteach (comhéadan úsáideora poiblí agus comhéadan úsáideora príobháideach san áireamh) • Córas bainistíochta maraithe • Anailísíocht Mhuirí • Modúl billeála.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráith e	Bhliain	
3.10	C3.I.3	Cuspóir sonrach	Caiteachas arna thabhtú i ndáil leis an ionad oibre digiteach nua-aimseartha agus réitigh chun feabhas a chur ar eispéireas tosaigh an chustaiméara		EUR	0	2 500 000	R4	2022	Íocadh luach EUR 2500000 ar a laghad ar oibleagáidí conarthacha a bhaineann le bearta i ndáil leis an ionad oibre digiteach nua-aimseartha agus réitigh chun feabhas a chur ar eispéireas tosaigh an chustaiméara.
3.11	C3.I.3	Cuspóir sonrach	Ceadúnais bhreise Microsoft 365 (nó a gcoibhéis) a fháil		Líon	20 000	23 500	R4	2025	Ó 2019 i leith, tá an Tionscadal Deisce Nua-aimseartha á chur chun feidhme ag MITA, rud a chuir ar chumas 12000 oifigeach poiblí, faoi dheireadh 2019, úsáid a bhaint as uirlisí Microsoft 365 lena n-áirítear Teams agus OneDrive. Mhéadaigh an figiúr go 20000 faoi dheireadh 2020. Gheobhaidh Mita 3500 ceadúnas Microsoft 365 (nó a gcoibhéis) breise faoi dheireadh 2025.
3.12	C3.I.3	Cuspóir sonrach	Míreanna breise cruá-earraí agus bogearraí TF a fháil		Líon	0	2 000	R4	2024	Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí breise cianobair a dhéanamh, cuirfear ríomhaire glúine nua (2000) in ionad roinnt úsáideoirí ós rud é nach dtacaíonn na meaisíní reatha leis an teicneolaíocht nua. Cuirfidh Mita cruthúnas coincheap chun feidhme freisin chun gnéithe nua a chur leis amhail teileafónaíocht (ceadúnais atá le soláthar do 2000 úsáideoir) agus ríomhaire deisce fíorúil (ceadúnais atá le soláthar le haghaidh 2000 úsáideoir). Chun tacú leis an gcur chun feidhme sin, déanfaidh MITA fíorú céannachta agus slándáil ar líne a chur chun feidhme freisin le haghaidh feidhmeanna criticiúla i bhfeidhmchláir ghnó.
3.13	C3.I.3	Cuspóir sonrach	Méadú ar ghlacadh seirbhísí ar líne		% (céatadán)	63	71	R4	2025	Táscaire DESI: Daoine aonair a d'úsáid an tIdirlíon, le 12 mhí anuas, le haghaidh idirghníomhaíocht le húdaráis phoiblí, léirigh siad gur % d'úsáideoirí an Idirlín iad.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
3.14	C3.1.4	Garsprioc	Seoladh na nglanna ar iarratais	Foilsíú an ghlaio				R1	2022	Glaonna a sheoladh ar iarratais ar ghnóilachtaí chun tacaíocht deontais a fháil don digitíú, lena n-áirítear na hearnálacha mórdhíola agus miondhíola, turasóireachta (lena n-áirítear cultúr) agus déantúsaíochta. Áirítear i dtéarmaí tagartha critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail a roghnófar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráith e	Bhliain	
3.15	C3.1.4	Cuspóir sonrach	Gnóthais a fhaigheann tacaíocht in infheistíochtaí digitithe		Líon	0	360	R2	2026	An t-íoslón gnóthas a fuair tacaíocht don digitiú, lena n-áirítear na hearnálacha mórdhíola agus miondhíola, turasóireachta (lena n-áirítear cultúr) agus monaraíochta, agus comhaontuithe deontais le haghaidh EUR 15000000 á dtabhairt i gcrích agus 90 % ar a laghad den bhuiséad á n-íoc amach le tairbhíthe tar éis a dtionscadail digitithe a thabhairt chun críche. Áireofar ar na hinfeistíochtaí a dtabharfar tacaíocht dóibh infheistíochtaí i gcrua-earraí, i mbogearraí agus i réitigh dhigiteacha ag FBManna; tacaíocht do thionscal na turasóireachta chun oibríochtaí a fheabhsú, lena n-áirítear lóistíocht oibríochtúil, éifeachtúlacht acmhainní agus uirlisí anailíseacha agus IS a thabhairt isteach; agus tacaíocht d'fhiontair mhonaraíochta lena n-áirítear úsáid na dteicneolaíochtaí atá ann cheana a bharrfheabhsú agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí agus treochtaí atá ag teacht chun cinn, bainistiú sonraí agus córais tacaíochta cinnteoireachta, i measc nithe eile. Dámhachtain na gconarthaí ar na tionscadail a roghnaíodh faoi na glaonna ar iarratais a luaitear i gcloch mhíle 3.14, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.

D. COMHCHUID 4: SLÁINTE

Tugann an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta aghaidh ar na dúshláin atá os comhair earnáil cúraim sláinte Mhálta go háirithe maidir le freastal ar na héilimh a bhaineann le daonra atá ag dul in aois. Is é cuspóir na comhpháirte athléimneacht agus inbhuanaitheacht na hearnála sláinte a mhéadú agus rochtain uilíoch, cúram ardcháilíochta agus seirbhísí inbhuanaithe a áirithiú ag an am céanna.

Is é is aidhm don chéad athchóiriú feabhas a chur ar bhainistiú an lucht saothair. Tugann sé aghaidh ar bhacainní ar fhostú agus ar choinneáil oibrithe cúraim sláinte eachtracha, trí fheabhas a chur ar a bhfolláine freisin. Rannchuidíonn sé freisin le galair a bhaineann le sláinte leanaí a chosc. Leis an dara hathchóiriú, tugtar aghaidh ar bhacainní rialála a d'fhéadfadh bac a chur ar shaothrú iomlán an Lárionaid Fola, Fíochán agus Ceall.

Is éard atá sa chéad infheistíocht Lárionad Fola, Fíochán agus Ceall a bhunú laistigh de dhlúthghaireacht don phríomhospidéal i Málta. Is éard atá sa dara hinfeistíocht dhá thionscadal lena bhfeabhsaítear athléimneacht an chórais sláinte trí dhigitiú agus trí theicneolaíochtaí nua.

Cuireann an chomhpháirt sin le gníomhaíochtaí a rinneadh roimhe seo arb é is aidhm dóibh éagsúlacht na seirbhísí a thairgtear don phobal i Málta a mhéadú agus idirghníomhaíochtaí idir seirbhísí éagsúla a chuíchóiriú chun leanúnachas cúraim a áirithiú.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir le feabhas a chur ar athléimneacht agus inbhuanaitheacht fhioscach an chórais cúraim sláinte (moladh tírshonrach 1 2019) agus (moladh tírshonrach 1 2020), go háirithe i bhfianaise na paindéime domhanda. Comhlánaítear na bearta sa chomhpháirt sin le tionscnaimh a mhaoinítear faoi chlár eile de chuid an Aontais chun tacú le fothú acmhainneachta do ghairmithe sláinte agus le tuilleadh infheistíochta sna hionaid cúraim príomhúil.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú C4-R1: Creat beartais sláinte a fhorbairt agus a chur chun feidhme arb é is aidhm dó an córas sláinte a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos athléimní, agus béim ar leith á leagan ar chosc na sláinte agus ar lucht saothair láidir

Is é is cuspóir don athchóiriú seo athléimneacht a chothú in earnáil na sláinte trí lucht saothair láidir inbhuanaithe a áirithiú, agus cosc galar a bhaineann le sláinte leanaí a fheabhsú.

Is éard a bheidh san athchóiriú uirlis shaincheaptha a fhorbairt le haghaidh pleanáil lucht saothair. Áireofar san uirlis gnéithe a bhaineann le buiséadú acmhainní daonna, bainistiú folúntas agus éascú fruilithe.

Leis an athchóiriú, cuirfear bearta chun feidhme freisin chun dea-bhail agus comhtháthú oibrithe sláinte eachtracha a fheabhsú. Sainithneofar na bearta ar bhonn staidéar a bheidh le déanamh ag conraitheoir neamhspleách. Bunófar leis an staidéar luach bonnlíne tháscairí na dea-bhaile MH1 agus

MH2 de mhodheolaíocht shuirbhé sláinte SF366. Mar thoradh ar na bearta, tiocfaidh feabhas 10 % ar na táscairí dea-bhaile ar an luach bonnlíne arna bhunú leis an staidéar.

Leis an athchóiriú, déanfar an méid seo a leanas freisin: (i) measúnú a dhéanamh ar an staid ina bhfuil leitheadúlacht mhurtaill i measc leanaí 4-5 bliana d'aois, mar chuid den chlár faireachais ar otracht i measc leanaí scoile (ii) clár scagthástála éisteachta nuabheirthe a chur i bhfeidhm chun leanaí a bhfuil fadhbanna éisteachta acu a shainaithint go luath sa saol.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú C4-R2: Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat reachtach náisiúnta a bhaineann le Lárionad Fola, Fíochán agus Ceall Mhálta a bhunú.

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar an gcreat reachtach náisiúnta a bhaineann le Lárionad Fola, Fíochán agus Ceall Mhálta a bhunú.

Is éard a bheidh san athchóiriú teacht i bhfeidhm reachtaíochta sonraí lena dtugtar aghaidh ar aon bhearnaí, bacainní nó scrogaill a d'fhéadfadh bac a chur ar shaothrú iomlán an Lárionaid Fola, Fíochán agus Ceall nua (féach infheistíocht C4-I1) agus lena gceanglaítear reachtaíocht náisiúnta a athrú. Sainaithneofar i staidéar neamhspleách roimh ré na bearnaí, na bacainní agus na scrogaill sin agus an reachtaíocht agus an treoirlíne Eorpach ábhartha á gcur san áireamh.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht C4-I1: Lárionad Fola, Fíochán agus Cealla a bhunú do Mhálta

Is é is cuspóir don infheistíocht sin spleáchas Mhálta ar thíortha eile a mhaolú chun teiripí fola, fíochán agus ceall a sholáthar a bhfuil gá leo in idirghabhálacha agus cóireálacha leighis, d'fhonn an gá atá le teiripí fadtéarmacha a laghdú, costais sláinte a laghdú agus folláine shóisialta a fheabhsú trí sheirbhísí a thairiscint go háitiúil.

Is éard a bheidh san infheistíocht Lárionad Fola, Fíochán agus Ceall a bhunú. Áireofar leis sin dearadh agus tógáil an fhoirgnimh agus soláthar trealaimh leighis agus troscáin leighis. Soláthróidh an Lárionad na seirbhísí seo a leanas ar a laghad: baincéireacht fola, baincéireacht fíochán (cnámha, coirne, aimniún), trasphlandú gascheall uathlógach.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01). Go háirithe, ceanglaítear leis an mbeart ar na hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanann na hoibreacha foirgníochta a áirithiú go ndéanfar ar a laghad 70 % (de réir meáchain) de dhramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear in aicme 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE an 3 Bealtaine 2000 a chuirtear in ionad Chinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíolacha de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus de bhun Chinneadh 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi uimhir dhoiciméad C(2000) 1147)) a ghintear ar an láithreán foirgníochta a ullmhú lena hathúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta ina n-úsáidtear dramhaíl

⁶ Seasann SF-36 do Shuirbhé Sláinte na Foirme Gearr (36), ar suirbhé 36 mhír é arna thuairisciú ag othair ar shláinte othar. Ríomhtar táscairí MH1 agus MH2 bunaithe ar na freagraí ar na ceistanna comhfhreagracha sa roinn Meabhairshláinte den suirbhé.

in ionad ábhair eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, Airteagal 11.2 (b) de Threoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl agus Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht C4-I2: Athléimneacht an chórais sláinte a fheabhsú trí dhigitiú agus trí theicneolaíochtaí nua

Is é is cuspóir don infheistíocht sin dlús a chur le haistriú digiteach chóras cúraim sláinte Mhálta. Leis an digitiú agus an spleáchas ar theicneolaíochtaí nua, cuirfear feabhas ar cháilíocht an chúraim othar, cuirfear feabhas ar eispéireas othar trí fhaisnéis a sholáthar go tráthúil agus go trédhearcach, agus laghdófar an t-am feithimh.

Is éard a bheidh san infheistíocht: (i) sreabhadh oibre na histeapaiteolaíochta anailíse agus tuairisciú a dhéanamh d'ardardán digiteach a bhfuil rochtain éasca air; (II) seachadadh radaiteiripe a fheabhsú trí mheaisín nua-aimseartha Luasaire Líneach Athshondais Mhaighnéadaigh a fháil a sholáthróidh cáilíocht íomháiithe níos fearr mar aon le seachadadh teiripe feabhsaithe, agus ar an gcaoi sin toirteanna agus amanna cóireála agus fo-éifeachtaí d'othair a laghdú. Comhcheanglaítear le meaisín Luasaire Líneach Athshondais Mhaighnéadaigh teicneolaíocht chun siadaí agus orgáin atá i mbaol a logánú go beacht agus luasairí líneacha chun radaiteiripe a sholáthar, agus feabhas suntasach ar chóireáil othar.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01). Go háirithe, ceanglaítear leis an mbeart ar na hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanann na hoibreacha foirgníochta a áirithiú go ndéanfar ar a laghad 70 % (de réir meáchain) de dhramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear in aicme 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE an 3 Bealtaine 2000 a chuirtear in ionad Chinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíolacha de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus de bhun Chinneadh 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi uimhir dhoiciméad C(2000) 1147)) a ghintear ar an láithreán foirgníochta a ullmhú lena hathúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta ina n-úsáidtear dramhaíl in ionad ábhair eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, Airteagal 11.2 (b) de Threoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl agus Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2025.

D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
4.1	C4.R.1	Garsprioc	Staidéar ar bhacainní agus éascaitheoirí ar mhaithe le lánpháirtiú agus dea-bhail an lucht saothair eachtraigh	Foilsíú an staidéir ar bhacainní agus éascaitheoirí ar mhaithe le lánpháirtiú agus dea-bhail an lucht saothair eachtraigh				R2	2022	Staidéar a fhoilsiú maidir le lánpháirtiú agus dea-bhail an lucht saothair eachtraigh laistigh den earnáil phoiblí. Maidir leis an staidéar: (i) staidéar a dhéanamh ar bhacainní agus ar éascaitheoirí ar mhaithe le lánpháirtiú agus dea-bhail níos fearr an lucht saothair eachtraigh (lena n-áirítear ionchais, ábhair imní, caidreamh le piaraí) (ii) dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile (lena n-áirítear JobsPlus agus Identity Malta) (iii) moltaí beartais a mholadh maidir le bearta chun comhtháthú agus folláine lucht saothair eachtrach a fheabhsú. Bainfear úsáid sa staidéar as uirlisí measúnaithe iomchuí agus as modheolaíocht chun dea-bhail a thomhas. Déanfar scrúdú sa staidéar ar an staid reatha agus bunófar bonnlíne maidir le dea-bhail reatha oibrithe eachtracha, bunaithe ar scóir MH1 nó MH2 i gceistneoir SF36, ar suirbhé 36 mhír é arna thuairisciú ag an othar ar shláinte othar. Ríomhtar táscairí MH1 agus MH2 bunaithe ar na freagraí ar na ceisteanna comhfhreagracha sa roinn Meabhairshláinte den suirbhé. Is conraitheoir neamhspleách a bheidh ag gabháil do nósanna imeachta soláthair phoiblí a dhéanfaidh an staidéar. Cuirfear an staidéar ar fáil don Choimisiún tríd an gCóras Faisnéise Bainistíochta.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuaireasc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
4.2	C4.R.1	Garsprioc	Uirlis shaincheaptha chun lucht saothair a phleanáil	Uirlis shaincheaptha le haghaidh pleanáil lucht saothair atá i bhfeidhm agus curtha ar fáil lena húsáid				R2	2023	Déantar uirlis chun lucht saothair sláinte a phleanáil, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le hacmhainní daonna, buiséadú, bainistiú folúntas agus éascú fruilithe, a fhorbairt agus a chur ar fáil lena húsáid.
4.3	C4.R.1	Garsprioc	Tuarascáil ar chur chun feidhme na mbeart agus comparáid a dhéanamh idir dea-bhail tar éis na hidirghabhála i gcomparáid leis an measúnú tosaigh	Foilsíú na tuarascála ar líne maidir le cur chun feidhme na mbeart agus comparáid a dhéanamh idir dea-bhail tar éis na hidirghabhála i gcomparáid leis an measúnú tosaigh				R4	2025	Tuarascáil a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme na moltaí beartais a forbraíodh i gcloch mhíle 4.1 agus maidir leis an bhfeabhas a baineadh amach ar dhea-bhail oibrithe eachtracha, bunaithe ar an modheolaíocht a bunaíodh i gcloch mhíle 4.1
4.4	C4.R.1	Cuspóir sonrach	Feabhas a chur ar dhea-bhail oibrithe eachtracha a thuairiscítear		% (céatadán)	0	10	R4	2025	Leis an sprioc sin tomhaistear an feabhas ar fholláine thuairiscithe oibrithe eachtracha i gcomparáid leis an mbonnline a bunaíodh i ngarsprioc 4.1 arna dtomhas i dtéarmaí mheánscór MH1 nó MH2 sa roinn faoi seach de cheistneoir SF36.
4.5	C4.R.1	Garsprioc	Tuarascáil maidir le leitheadúlacht an mhurtaill i measc daoine 4-5 bliana d'aois i ndaonra Mhálta	Foilsíú ar líne na tuarascála maidir le leitheadúlacht an mhurtaill i measc daoine idir 4 agus 5 bliana d'aois i ndaonra Mhálta				R4	2022	Tuarascáil maidir le murtall i measc leanaí a fhoilsiú, a chuirfidh leis an gclár faireachais ar mhurtall i measc leanaí. Déanfar scrúdú sa staidéar ar leitheadúlacht an mhurtaill i measc na ndaoine idir 4 agus 5 bliana d'aois i ndaonra Mhálta. Déanfar 10 % de leanaí i mBlianta Scoile 1-11 a shampláil in éineacht leis na leanaí go léir a fheastalaíonn ar 50 % d'ionaid Kindergarten 2. Socrófar sa mheasúnú sin bonnline don aoisghrúpa óg sin amháin agus cuirfear i gcomparáid le cohóirt níos sine é. Beidh moltaí beartais mar thoradh air sin, lena bhféadfar feachtais feasachta a áireamh.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
4.6	C4.R.1	Cuspóir sonrach	Clár scagthástála éisteachta nuabheirthe a chur chun feidhme		% (céatadán)	40	85	R4	2023	Sainaithneofar sa chlár fadhbanna éisteachta sna luathbhlianta (Clár Scagtha Éisteachta nuabheirthe). Is éard a bheidh sa chlár sainaithint na leanaí sin atá i mbaol lagú éisteachta, d'fhonn sainaithint agus athshlánú luath a bhaint amach. Chun an sprioc a bhaint amach, déanfar scagadh ar 85 % ar a laghad de na leanaí a rugadh in 2023.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
4.7	C4.R.2	Garsprioc	Athbhreithniú ar an gcreat rialála a bhaineann leis an Lárionad Fola, Fíochán agus Cealla	Athbhreithniú ar an gcreat rialála a bhaineann leis an mBanc Fola, an Lárionad Fíochán agus Cille a fhoilsiú ar líne				R1	2022	San athbhreithniú sin déanfar an méid seo a leanas: (i) grinnscrúdú a dhéanamh ar an gcreat rialála a bhaineann le fuil, fíocháin agus cealla; agus (ii) na hathruithe dlíthiúla is gá a shainaithint chun deireadh a chur le haon bhacainní rialála agus scrogaill a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú an Lárionaid. Áireofar sa staidéar athbhreithniú ar na réimsí rialála seo a leanas: 1. Reachtaíocht maidir le Fuil, Fíocháin agus Cealla; 2. Reachtaíocht ábhartha chomhshaoil; 3. Reachtaíocht ábhartha eagraíochtúil (comhdheiseanna, cosaint sonraí, eitic agus cearta othar, inrochtaineacht); agus 4. Reachtaíocht maidir le Státchabhair. Cuirfear san áireamh san athbhreithniú tionscnamh an Aontais maidir le hAthbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le fuil, fíocháin agus cealla (https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12734-Blood-tissues-and-cells-for-medical-treatments-&-therapies-revised-EU-rules_en). Conraitheoir neamhspleách a roghnófar trí nósanna imeachta soláthair phoiblí a dhéanfaidh an t-athbhreithniú.
4.8	C4.R.2	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata rialála athbhreithnithe a bhaineann leis an mBanc Fola, an Lárionad Fíochán agus Ceall	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an chreata rialála athbhreithnithe a bhaineann leis an Lárionad Fola, Fíochán agus Cealla				R2	2024	Teacht i bhfeidhm an chreata rialála athbhreithnithe a bhaineann leis an mBanc Fola, an Lárionad Fíochán agus Cille. Leis an gcreat athbhreithnithe, baintear aon bhacainní rialála agus scrogaill a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú an Lárionaid.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
4.9	C4.I.1	Garsprioc	Seirbhísí ar Conradh chun Lárionad Fola, Fíochán agus Ceall a thógáil	Conradh sínithe chun Ionad Fola, Fíochán agus Ceall a thógáil				R1	2023	Tar éis soláthar poiblí, síníodh conradh chun Ionad Fola, Fíochán agus Ceall a thógáil.
4.10	C4.I.1	Garsprioc	Ionad Fuil, Fíochán agus Ceall ar oscailt d'úsáideoirí	Ionad Fuil, Fíochán agus Ceall ar oscailt d'úsáideoirí				R4	2025	Tá an tsaoráid críochnaithe, deimhnithe chun fuil, fíocháin agus cealla a phróiseáil. Tá sé oscailte d'úsáideoirí agus tá acmhainní oibríochtúla aige chun na seirbhísí atá beartaithe a sholáthar. Áirítear an méid seo a leanas ar a laghad le hacmhainneacht na saoráide: — 17,000 aonad de thiúcháin ceall dearg; — 2,000 aonad pláitíní (comhthiomsaithe) agus 200 pláitíní aifiríse; agus — 100 aonad cnámh.
4.11	C4.I.2	Garsprioc	Conradh sínithe chun réiteach trealaimh Luasaire Léasair Athshondais Mhaighnéadaigh a sholáthar ag Ionad Oinceolaíochta Sir Anthony Mamo	Conradh sínithe chun réiteach trealaimh an Luasaire Línéas Athshondais Mhaighnéadaigh (MR Linac) a sholáthar ag Ionad Oinceolaíochta Anthony Mamo				R2	2022	Tar éis soláthar poiblí, síníodh conradh chun trealamh Luasaire Línéir Athshondais Mhaighnéadaigh a sholáthar ag Ionad Oinceolaíochta Sir Anthony Mamo laistigh d'Ospidéal Mater Dei
4.12	C4.I.2	Garsprioc	Trealamh Luasaire Línéach Athshondais Mhaighnéadaigh oibríochtúil agus oscailte d'úsáideoirí	Trealamh Luasaire Línéach Athshondais Mhaighnéadaigh atá go hiomlán oibríochtúil agus oscailte d'úsáideoirí				R2	2023	Tá an Luasaire Línéach Athshondais Mhaighnéadaigh ag feidhmiú agus úsáidtear é chun cóireáil a chur ar othair in Ionad Oinceolaíochta Sir Anthony Mamo.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
4.13	C4.I.2	Garsprioc	Gach Conradh sínithe le haghaidh na seirbhísí paiteolaíochta digití sa roinn histeapaiteolaíochta in ospidéal Mater Dei	Gach Conradh sínithe le haghaidh na seirbhísí paiteolaíochta digití sa roinn histeapaiteolaíochta in ospidéal Mater Dei				R2	2022	Tar éis soláthar poiblí, síníodh conarthaí le haghaidh seirbhís paiteolaíochta digití lándéanta i roinn histeapaiteolaíochta Ospidéal Mater Dei. Áireofar an méid seo a leanas sa phróiseas soláthair: (a) bogearraí chun an chéim réamhanailíseach a láimhseáil agus uathobriú rianúil próiseas eiseamail a sholáthar (lena n-áirítear rianú fíor-ama cásanna) a chomhtháthaítear leis an gcóras bainistíochta faisnéise saotharlainne (LIMS) atá ann faoi láthair; (b) saoráidí íomháiithe eiseamal comhlán agus bogearraí cumasúcháin; (c) scanóirí sleamhnán digiteach le tréchur ard agus córas digiteach bainistithe cásanna; (d) réitigh freastalaí líonraithe, chun saoráidí stórála fíor-ama ar líne agus cartlannú sleamhnán chomh maith le pointí líonra ag stáisiúin éagsúla laistigh de na seomraí stráiceála agus próiseála a éascú; agus (e) crua-earraí, lena n-áirítear ríomhairí pearsanta in áiteanna seachas an tsaotharlann chun glaonna comhdhála agus cruinnithe foirne ildisciplíneacha a chumasú.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuaireasc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
4.14	C4.I.2	Garsprioc	Seirbhísí paiteolaíochta digití a chuirtear ar fáil sa roinn histeapaiteolaíochta in ospidéal Mater Dei	Seirbhísí paiteolaíochta digití a chuirtear ar fáil sa roinn histeapaiteolaíochta in ospidéal Mater Dei				R2	2024	Seirbhísí paiteolaíochta digití a chuirtear ar fáil i roinn histeapaiteolaíochta Ospidéal Mater Dei agus a úsáideann othair. Áireofar na híoschumais seo a leanas sa tsaoráid: córas leictreonach rianaithe ó ghlacadh samplach go dtí údarú an cháis faoi dheireadh; cásanna histeolaíochta a dhigitiú; macra-íomhánna agus aitheantas gutha a chomhtháthú ag dioscadh na n-eiseamal; uathobriú na bpróiseas fíorúcháin ag gach céim de na próisis saotharlainne; agus sannadh cásanna do shainchomhairleoirí faoi seach a uathobriú.

E. COMHPHÁIRT 5: OIDEACHAS AR ARDCHAIGHDEÁN A FHEABHSÚ AGUS INBHUANAITHEACHT SHOCHEACNAMAÍOCH A CHOThÚ

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le sciartha arda de dhaoine a fhágann an scoil go luath agus de dhaoine fásta ar bheagán oiliúna, le ganntanais scileanna fhorleathana, agus leis an ngá atá le cáilíocht agus cuimsitheacht an chórais oideachais agus oiliúna a fheabhsú. Déanann sé measúnú breise ar an gcóras sochar pinsin agus dífhostaíochta atá ann faoi láthair d'fhonn leanúint d'athchóirithe beartais a shaothrú chun a leordhóthanacht agus a n-inbhuanaitheacht a áirithiú. Is é is cuspóir dó athléimneacht lucht saothair agus shochaí Mhálta a chothú, i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh freisin.

Leis na hathchóirithe sa chomhpháirt sin, neartaítear bearta idirghabhála agus coisctheacha luathfhágála na scoile, leathnaítear treoir agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe do gach duine fásta agus go háirithe do dhaoine ar bheagán oiliúna, feabhsaítear oideachas cuimsitheach ardcháilíochta do dhaltáí a bhfuil riachtanais speisialta acu, feabhsaítear an córas faireacháin ar an mbeartas oideachais agus déantar tuilleadh forbartha ar an anailís agus ar an bhfaireachán rialta ar an gcóras sochar pinsin agus dífhostaíochta chun tacú lena leordhóthanacht agus lena inbhuanaitheacht.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le hoideachas ardcháilíochta agus cuimsitheach (moltaí tírshonracha 2 2020 agus 3 2019), margadh an tsaothair (moladh tírshonrach 2 2020), agus córas na bpinsean (moladh tírshonrach 1 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú C5-R1: Bearta coiscthe luathfhágála na scoile a neartú, agus béim á leagan ar shealbhú scileanna

Is é is cuspóir don athchóiriú seo bearta idirghabhála agus coiscthe luathfhágála na scoile a neartú, ar bearta iad a rannchuidíonn leis an ráta ard luathfhágála scoile atá ann faoi láthair a laghdú (MT 16.7 % vs. AE 9.9 %; 2020) don sprioc náisiúnta de 12.7 % faoi 2025.

Áireofar san athchóiriú clár tacaíochtalitearthachta (clár *Léitheoireachta Téarnaimh (RR)*) a sholáthar do mhic léinn. Is é is aidhm don chlár a chur ar chumas leanaí atá i ngátar na leibhéil a bhfuiltear ag súil leo ó thaobh aoise de abhaint amach sa léamh bunúsach. Cuirfear oiliúint faoi seach ar mhúinteoirí.

Tar éis ghlacadh na *Straitéise Bunscoil*, is éard a bheidh i gceist leis an athchóiriú freisin trí (3) bheart ar a laghad a chur chun feidhme as na ceithre bheart is fiche (24) a leagtar amach sa *Straitéis Bhunúsach Scileanna* d'fhoghlaimoirí de gach aois.

Ina theannta sin, is éard a bheidh san athchóiriú córas rianaithe luathfhágálaithe scoile a thabhairt isteach, an *tionscadal Stóras Sonraí*, le rochtain ar shonraí d'institiúidí atá ag obair ar fhaireachán beartais agus ar threoir.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú C5-R2: Forbairt agus aitheantas scileanna a neartú, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine fásta ar bheagán oiliúna

Is é is cuspóir don athchóiriú seo deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a leathnú do gach duine fásta gan beann ar a stádas fostaíochta, lena n-áirítear daoine ar bheagán oiliúna a bhfuil a rannpháirtíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil an-íseal.

Is éard a bheidh san athchóiriú ríomhcholáiste a bhunú lena gcuirfear cúrsaí cuimsitheacha ar líne ar fáil chomh maith le cóitseálaitheó líne agus deasc chabhrach chun cabhrú le foghlaimoirí. Comhlánófar an ríomhcholáiste le saoráid moil lena gcuirfear spás fisiciúil ar fáil le trealamh teicniúil agus cóitseáil ar an láthair do dhaoine fásta nach bhfuil scileanna digiteacha nó trealamh digiteach acu chun rochtain a fháil ar chúrsaí ar líne. Cuirfear aonad treorach maidir le foghlaim aosach ar bun freisin chun seirbhísí treorach a sholáthar do dhaoine fásta atá ag lorg na conaire oideachais is fearr chun freastal ar a riachtanais uas-scilithe agus athscilithe.

Áireofar san athchóiriú freisin cur chun feidhme dhá (2) ghné a áirítear sa *Treochlár maidir le córas treorach don fhoghlaim aosach a fhorbairt, lena n-áirítear fothú acmhainneachta do ghairmithe foghlama aosá agus líonraí treorach a bhunú*.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú C5-R3: Conairí nua oideachais a fhorbairt i dtreo oideachas cuimsitheach ardcháilíochta

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar oideachas cuimsitheach ardcháilíochta.

Is éard a bheidh san athchóiriú seomraí foghlama ilchéadfacha (MSLR) a chur i bhfeidhm do mhic léinn a bhfuil riachtanais thromchúiseacha acu i gcoláistí (Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas (ISCED) leibhéal 1, bunoidreachas) agus dhá aonad uathachais a bhunú i meánscoileanna (ISCED leibhéal 2, meánoidreachas íochtarach), rud a fhágfaidh go mbeifear in ann daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a lánpháirtiú a thuilleadh i dtimpeallacht phríomhshrutha na scoile. Beidh oiliúint leanúnach in oideolaíocht chuimsitheach do mhúinteoirí agus d'oideoirí tacaíochta foghlama ag gabháil leis an mbeart.

Is éard a bheidh i gceist leis an athchóiriú freisin fiche (20) beart ar a laghad a chur chun feidhme (arb ionann iad agus 50 % ar a laghad de na bearta uile) den *Straitéis nuashonraithe um an mBeartas Náisiúnta um Chuimsiú* as a dtiocfaidh spriocanna cliste arna sainaithint sa Straitéis a bhaint amach.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú C5-R4: Córas éifeachtach faireacháin ar bheartas oideachais a chur chun feidhme

Is é is cuspóir don athchóiriú seo córas éifeachtach faireacháin ar bheartas oideachais a bhunú agus a chur chun feidhme.

Is éard a bheidh i gceist leis an athchóiriú sin plean oibre a bhunú ina mbeidh príomhtháscairí feidhmíochta agus socrúithe faireacháin gaolmhara chomh maith le liosta de bhearta beartais a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu gach bliain, lena n-éascófar faireachán ar an dul chun cinn a dhéanfar i gcur chun feidhme an chreata beartais oideachais. Leagfar amach sa phlean oibre freisin córas meastóireachta cuimsitheach a bheidh nasctha le próisis mheastóireachta inmheánacha scoile agus ina mbeidh na geallsealbhóirí ábhartha uile rannpháirteach, lena n-áirítear foireann scoile. Áirítear ann freisin pearsanra nua a earcú don Stiúrtóireacht um Fhaireachán agus Meastóireacht ar Bheartas a bunaíodh laistigh den Aireacht atá freagrach as an Oideachas. Tuairisceoidh na húinéirí polasaí ar bhonn míosúil an dul chun cinn atá déanta acu maidir leis na bearta sonracha a chur chun feidhme i gcomhréir leis an bplean oibre bunaithe. Cuirfear an fhaisnéis sin san áireamh i gcruinniú ráithiúil Bhord Bainistíochta Straitéiseach na hAireachta le haghaidh plé lena n-éascaítear an próiseas cur chun feidhme beartais. Déanfar tuarascáil inmheánach ar stádas an phróisis cur chun feidhme beartais a ullmhú go bliantúil.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú C5-R5: Athléimneacht an mhargaidh saothair a threisiú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo measúnú agus faireachán tréimhsiúil a dhéanamh ar leordhóthanacht agus cumhdach na sochar dífhostaíochta i Málta, athléimneacht mhargadh an tsaothair a threisiú chomh maith le comhionannas inscne a fheabhsú i gcoitinne.

Áireofar san athchóiriú sin staidéar ina ndéanfar measúnú ar leordhóthanacht agus cumhdach na sochar dífhostaíochta agus ina molfar roghanna beartais chun leordhóthanacht agus cumhdach sochar níos fearr a bhaint amach, i dtéarmaí faid agus rochtain éifeachtach araon, agus an dreasacht chun oibre á fheabhsú ag an am céanna. Agus moltaí an staidéir á gcur san áireamh, cuirfear próiseas faireacháin i bhfeidhm chun éifeachtacht na mbeart beartais atá i bhfeidhm a mheas go tréimhsiúil. Críochnófar an chéad tuarascáil faoi dheireadh 2024, ina socrófar dáta le haghaidh fhoilsiú na chéad tuarascála eile laistigh de 5 bliana.

Tar éis an *Straitéis Fostaíochta* a ghlacadh, beidh cur chun feidhme na Straitéise *Fostaíochta i gceist leis an athchóiriú freisin maidir* leis an méid seo a leanas ar a laghad: (i) oibrithe scothaosta (idir 55-64 bliana d'aois), go háirithe mná scothaosta a ghníomhachtú; (II) aosaigh ar bheagán oiliúna; agus (iii) an bhearna fostaíochta idir na hinscní.

Tar éis ghlacadh an *Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne agus um Straitéis Phríomhshruthaithe*, is éard a bheidh san athchóiriú freisin cur chun feidhme príomhbhearta an *Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne agus um Straitéis Phríomhshruthaithe*.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú C5-R6: Athbhreithniú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht agus tairiscint chóras pinsin Mhálta

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht fhadtéarmach chóras na bpinsean.

Is éard a bheidh san athchóiriú sin Plean Gníomhaíochta a fhoilsiú ina leagfar amach tograí beartais, lena n-áirítear athruithe reachtacha i gcás inarb ábhartha, chun inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht chóras na bpinsean a fheabhsú, mar obair leantach ar an *Tuarascáil ar Athbhreithniú na bPinsean* ina ndéantar measúnú ar an gcóras pinsin atá ann faoi láthair agus ina moltar gníomhaíochtaí beartais, agus an t-aiseolas iarchomhairliúcháin.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2022.

E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
5.1	C5.R.1	Cuspóir sonrach	Líon na mac léinn a fuair oiliúint sa Chlár um Théarnamh Léitheoireachta (RR)		Líon	0	1 000	R4	2024	Beidh an Clár RR curtha i gcrích go rathúil ag 1000 mac léinn ar a laghad, arna fhianú le teastais.
5.2	C5.R.1	Cuspóir sonrach	Múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu sa Chlár um Théarnamh Léitheoireachta (RR)		Líon	0	58	R4	2023	Cuirfear oiliúint ar 58 múinteoir sa Chlár um Théarnamh Léitheoireachta (RR) arna fhianú le teastais.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
5.3	C5.R.1	Garsprioc	Cur chun feidhme na mbeart a áirítear sa <i>Straitéis Bhunscoil</i>	Tar éis a glactha, cuirtear na bearta a áirítear sa <i>Straitéis Bhunscoil</i> chun feidhme				R4	2024	Tar éis a glactha, cuirfear trí (3) bheart ar a laghad chun feidhme as na 24 bheart (24) a leagtar amach sa <i>Straitéis Bhunsach Scileanna</i> d'fhoghlaimoirí de gach aois, lena n-áirítear: (i) 'Seiceálai Scileanna' a thabhairt isteach ag an Stiúrthóireacht um Thaighde, um Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus um Infhostaitheacht (DRLLE) i bhfoirm feidhmchlár leictreonach agus freisin ar shuíomh gréasáin na Stiúrthóireachta le haghaidh féintomhais ar leibhéil litearthachta, uimhearthachta agus scileanna digiteacha (Skills Checker le bheith ábhartha suas le Leibhéal 3 MQF (Creat Cáilíochtaí Mhálta)) mar tháscaire agus mar chúnamh chun conair oideachais bhreise a réamh-mheas; (II) oiliúint oideoirí i speisialtóireacht san oideolaíocht bunscoil (le hoiliúint ar 120 mínteoir ar a laghad); agus (III) ceithre (4) ar a laghad de thairiscintí gairmthreorach agus cóitseála dea-bhaile ginearálta a chuireann Ollscoil Mhálta ar fáil, lena n-áirítear do mhic léinn a bhfuil bunscoil acu a léiríonn spéis i bhfeabhsú a leibhéil scileanna agus ar mian leo páirt a ghlacadh i gcúrsa le DRLLE.
5.4	C5.R.1	Garsprioc	Córas rianaithe ginearálta <i>Tionscadal Stórais Sonraí</i> /fágálaithe luathscoile (ESL)	Tá córas rianaithe ginearálta <i>tionscadail stórais sonraí</i> /amach luathscoile (ESL) curtha i gcrích agus oibríochtúil				R3	2024	Beidh an <i>Stóras Sonraí</i> oibríochtúil, agus beidh rochtain ar shonraí ag institiúidí atá ag obair ar fhaireachán ar bheartais agus ar threoir. Is é príomhaidhm an tionscadail seo díriú ar shonraí scoile Stáit agus an fhéidearthacht sonraí scoile neamhstáit a chur san áireamh freisin, faoi réir a gcomhoibrithe.
5.5	C5.R.2	Garsprioc	Cur chun feidhme na gnéithe a áirítear sa <i>Treochlár maidir le córas treorach a fhorbairt, fothú acmhainneachta do ghairmithe foghlama aosaí agus líonraí treorach a bhunú</i>	Cuirtear chun feidhme gnéithe a áirítear sa <i>Treochlár maidir le córas treorach a fhorbairt, fothú acmhainneachta do ghairmithe foghlama aosaí agus bunú líonraí treorach</i>				R2	2023	Cuirfear chun feidhme na gnéithe seo a leanas a áirítear sa <i>Treochlár maidir le córas treorach a fhorbairt, lena n-áirítear fothú acmhainneachta do ghairmithe foghlama aosaí agus bunú líonraí treorach</i>: (i) Mol náisiúnta a ainmniú, áit a bhféadfaidh aon duine fásta treoir a iarraidh maidir leis an gconair i dtreo uas-scilithe agus athscilithe; (II) An deis a chur ar fáil gairmthreoir agus treoir foghlama a bheith ann in ionaid foghlama aosaí.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
5.6	C5.R.2	Garsprioc	Seoladh an ríomhcholáiste	tá an ríomhcholáiste oibríochtúil, lena n-áirítear an t-aonad treorach, an mol ar líne agus an deasc				R2	2022	Beidh an ríomhcholáiste oibríochtúil go dlíthiúil agus go praiticiúil le deich (10) gcúrsa ar a laghad lena gcumhdófar réimsí éagsúla ábhair. Beidh ar a laghad córas bainistíochta foghlama, aonad meantóireachta agus treorach, mol ar líne agus cóitseálaithe ar líne a chuidíonn le foghlaimoirí ag an ríomhcholáiste.
5.7	C5.R.2	Cuspóir sonrach	Mealladh foghlaimoirí i dtreo úsáid a bhaint as ardán nua e-College		Líon	0	4 800	R4	2024	Beidh 4800 foghlaimoir ar a laghad ag baint úsáid as na seirbhísí a sholáthraítear tríd an ardán nua e-College. Tá an spriocghrúpa comhdhéanta de dhaoine fásta ó chúlaí socheacnamaíocha éagsúla, idir 15 bliana d'aois agus os a chionn agus nach bhfuil cáilíochtaí MQF (Creat Cáilíochtaí Mhálta) nó cáilíochtaí níos airde acu.
5.8	C5.R.3	Cuspóir sonrach	Dhá aonad uathachais a bhunú (spásanna fisiceacha ina bhfuil trealamh agus pearsanra oideachais oilte) i meánscoileanna		Líon	0	2	R4	2021	Beidh dhá aonad uathachais nua (spásanna fisiceacha) críochnaithe agus oibríochtúil. Beidh aonaid den sórt sin ar fáil lena n-úsáid ag daltaí de réir mar is gá (seomra bán — leaba uisce & feadán bolgáin). Féadfaidh 16 dhalta ar a mhéad tairbhe a bhaint as an gcéad dá Aonad Uathachais a bunaíodh. Beirt (2) mhúinteoirí agus sé (6) Múinteoirí Tacaíochta Foghlama, gheobhaidh siad oiliúint bhreise san oideolaíocht chuimsitheach agus maidir le curaclam feidhmiúil a sholáthar le múinteoir amháin (1) ar a laghad agus beirt (2) Oideoirí Tacaíochta Foghlama (LSEnna) i ngach rang. Déanfaidh cleachtóirí ag na Seirbhísí Tacaíochta Scoile Náisiúnta (NSSS) oiliúint inmheánach a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do LSEnna.
5.9	C5.R.3	Cuspóir sonrach	Dhá sheomra foghlama ilchéadfacha nua (MSLR) (spásanna fisiciúla atá feistithe le trealamh agus pearsanra oideachais oilte) a bhunú i gcoláistí		Líon	0	2	R1	2022	Beidh dhá sheomra foghlama ilchéadfacha nua (MSLR) críochnaithe agus oibríochtúil. Beidh seomraí den sórt sin ar fáil lena n-úsáid ag daltaí de réir mar is gá. Úsáidfear seomra amháin mar limistéar céadfach agus beidh nithe amhail na nithe seo a leanas ann: linn gránach, trampailín, liathróid phiseanna talún; agus gníomhaíocht ghinearálta a bheidh i gceann eile agus beidh nithe amhail na nithe seo a leanas san áireamh ann: cistinéad, achar ríomhaire agus limistéar suaimhneach. Beidh múinteoir amháin ar a laghad i ngach rang. Déanfaidh cleachtóirí ag na Seirbhísí Tacaíochta Scoile Náisiúnta (NSSS) oiliúint inmheánach a chur ar fáil do mhúinteoirí.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
5.10	C5.R.3	Garsprioc	Cur chun feidhme bhearta na Straitéise nuashonraithe maidir leis an mBeartas Náisiúnta um Chuimsiú	Tar éis a glactha, cuirtear bearta a áirítear sa <i>Straitéis nuashonraithe um an mBeartas Náisiúnta um Chuimsiú</i> chun feidhme				R4	2025	Cur chun feidhme fiche (20) beart ar a laghad (arb ionann iad agus 50 % ar a laghad de na bearta uile) den <i>Straitéis nuashonraithe um an mBeartas Náisiúnta um Chuimsiú</i> as a dtiocfaidh spriocanna cliste arna sainaithint sa Straitéis a bhaint amach. I measc na mbeart sin tá: (i) A áirithiú go mbeidh Pleananna Oideachais Aonair bliantúla (IEPanna) le haghaidh mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu i ngach scoil Stáit dea-dhearthra chun an tsamhail teagaisc a chinneadh laistigh de chreat curaclaim atá oiriúnach ó thaobh aoise de, go dtugtar aghaidh ar riachtanais na bhfoghlaiméirí aonair leis an treoir sin a chuireann oideachasóirí ar fáil (múinteoirí/múinteoirí bliana/oideoirí Toscaire agus Tacaíochta Foghlama (LSEanna)), agus go moltar modhnuithe agus socruithe chun go mbeidh rochtain ag foghlaiméirí ar an gclár foghlama. Déanfar athbhreithnithe iomchuí ag deireadh gach bliana macasamhla. Tiomsaíonn LSE IEPanna i gcomhar leis an múinteoir. Cinnteoidh Cinn Roinne (Cuimsiú) go gcomhlíonann na IEPanna na critéir cháilíochta agus déanann siad monatóireacht orthu; (II) Teacht i bhfeidhm oibleagáide ar gach scoil Stáit imeachtaí a eagrú uair amháin ar a laghad gach téarma lena n-aithnítear agus lena gceiliúrtar an éagsúlacht agus lena gcruthaítear feasacht mar bheart coiscitheach réamhghníomhach i gcoinne aon chineál bulaíochta a eascraíonn as easpa caoinfhulaingthe. Féadfar a áireamh orthu sin ábhair a bhaineann le bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas nó gnéaschlaonadh, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin; agus (III) Teacht i bhfeidhm na hoibleagáide go n-áireofar i ngach ráiteas misin scoile Stáit fianaise ar luachanna na héagsúlachta agus an chuimsithe, rud a chuireann an-tábhacht ar chothromas agus ar thorthaí feabhsaithe do gach foghlaiméir.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
5.11	C5.R.4	Garsprioc	Cur chun feidhme an phlean oibre meastóireachta agus faireacháin a tugadh isteach le déanaí	An chéad fhoilsiú den tuarascáil inmheánach bhliantúil maidir le stádas chur chun feidhme an phlean oibre meastóireachta agus faireacháin				R4	2025	Tar éis an phlean oibre meastóireachta agus faireacháin a ghlacadh ina leagtar amach príomhtháscairí feidhmíochta agus socruithe faireacháin gaolmhara chomh maith le liosta de bhearta beartais a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu gach bliain, tuairisceoidh na húinéirí beartais an dul chun cinn atá déanta acu maidir leis na bearta a chur chun feidhme de réir an phlean oibre ar bhonn míosúil. Cuirfear an fhaisnéis sin san áireamh i gcruinniú ráithiúil Bhord Bainistíochta Straitéiseach na hAireachta chun an próiseas cur chun feidhme beartais a phlé agus a éascú. Déanfar tuarascáil inmheánach ar stádas an phróisis cur chun feidhme beartais a ullmhú go bliantúil. Cumhdófar leis sin na bearta uile maidir le hoideachas a ndearnadh athbhreithniú orthu agus a chumhdaíonn an tréimhse 2021-2030. Fostófar beirt oifigeach chun bheith mar chuid den Stiúrthóireacht um Fhaireachán agus Meastóireacht ar Bheartas.
5.12	C5.R.5	Garsprioc	Measúnú ar shochair dhífhostaíochta	Staidéar ar mheasúnú ar shochair dhífhostaíochta a fhoilsiú ar líne				R2	2022	Déanfar staidéar ina ndéantar measúnú ar shochair dhífhostaíochta i Málta a chomhlánú agus a fhoilsiú. Déanfar measúnú sa staidéar ar an gcás agus déanfar moltaí nithiúla mionsonraithe don Rialtas maidir le conas cumhdach éifeachtach a fheabhsú agus leordhóthanacht sochar níos fearr a bhaint amach, ó thaobh ré agus rochtain éifeachtach de, agus an dreasacht chun oibre a fheabhsú ag an am céanna.
5.13	C5.R.5	Garsprioc	Próiseas faireacháin maidir leis na dúshlán agus na bearta beartais a bhaineann le sochair dhífhostaíochta	An chéad tuarascáil faireacháin a fhoilsiú ar líne mar aon le faisnéis staidrimh ábhartha				R4	2024	Cuirfear próiseas faireacháin i bhfeidhm ina mbeidh faisnéis ábhartha staidrimh chun éifeachtacht na mbeart beartais atá i bhfeidhm maidir le sochair dhífhostaíochta a mheas go tréimhsiúil. Críochnófar an chéad tuarascáil faoi dheireadh 2024, ina socrófar dáta le haghaidh fhoilsiú na chéad tuarascála eile laistigh de 5 bliana.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
5.14	C5.R.5	Garsprioc	Bearta a chur chun feidhme sa <i>Straitéis Fostaíochta</i> nuaghlactha	Tar éis ghlacadh na <i>Straitéise Fostaíochta</i> , cuirtear bearta a eascraíonn as an Straitéis chun feidhme, lena n-áirítear teacht i bhfeidhm reachtaíochta i gcás inarb ábhartha				R3	2025	Tar éis a glactha, cur chun feidhme na mbearta sa Straitéis Fostaíochta maidir leis an méid seo a leanas ar a laghad: (i) seanoibrithe (idir 55-64 bliana d'aois), go háirithe gníomhachtú ban scothaosta; (II) aosaigh ar bheagán oiliúna; agus (III) an bhearna fostaíochta idir na hinscní.
5.15	C5.R.5	Garsprioc	Cur chun feidhme na mbearta a bunaíodh i <i>bPlean Gníomhaíochta na Straitéise maidir le Comhionannas Inscne agus Príomhshruthú</i> a glacadh le déanaí	Tar éis ghlacadh an <i>Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne agus um Straitéis Phríomhshruthaithe</i> , cuirtear bearta a eascraíonn as an bPlean Gníomhaíochta Straitéise chun feidhme				R4	2025	Cur chun feidhme na mbearta sa <i>Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne agus um Straitéis Príomhshruthaithe</i> a bhaineann leis an méid seo a leanas ar a laghad: (i) Déanfar leasuithe ar reachtaíocht i gcásanna/forálacha a dhéanann idirdhealú gan ghá idir fir agus mná; (II) cuirfear chun feidhme clár oiliúna do phearsanra oideachais (Foirne Ceannaireachta Sinsearach (SLT)) laistigh de gach scoil éigeantach Stáit chun dul i ngleic le saincheisteanna idirdhealaithe inscne agus steiréitíopaí; agus (III) cuirfear chun feidhme bailiú córasach sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chur chuige fianaise-bhunaithe i leith ceapadh beartas.
5.16	C5.R.6	Garsprioc	Obair leantach ar an <i>Tuarascáil ar Athbhreithniú na bPinsean</i> le tograí beartais	Plean Gníomhaíochta a fhoilsiú ar líne ina leagtar amach tograí beartais, lena n-áirítear athruithe reachtacha i gcás inarb ábhartha, mar obair leantach ar an <i>Tuarascáil maidir leis an Athbhreithniú ar Phinsin</i> agus ar an aiseolas iarchomhairliúcháin				R4	2022	Plean Gníomhaíochta a fhoilsiú ina leagfar amach tograí beartais, lena n-áirítear athruithe reachtacha i gcás inarb ábhartha, mar obair leantach ar an <i>Tuarascáil maidir leis an Athbhreithniú ar Phinsin</i> agus ar an aiseolas iarchomhairliúcháin, agus é mar chuspóir inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht fhadtéarmach an chórais pinsean a fheabhsú.

F. COMHPHÁIRT 6: AN CREAT INSTITIÚIDEACH A NEARTÚ

